C/2025/294

6.1.2025

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11808 - PERMIRA / BASICNET / K-WAY)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2025/294)

1. An 18 Nollaig 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Permira Holdings Limited ('Permira', Geansaí),

— BasicNet S.p.A. ('BasicNet', an Iodáil), faoi rialú deiridh an Uasail Marco Boglione,

— K-WayS.p.A. ('K-Way', an Iodáil), faoi rialú faoi láthair ag BasicNet.

Gheobhaidh Permira agus BasicNet rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar K-Way.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh cláraithe é Permira atá i mbun, trína fhochuideachtaí agus a chleamhnaithe, seirbhísí bainistíochta infheistíochta a sholáthar do roinnt cistí infheistíochta. Tá roinnt cistí cothromais phríobháidigh faoi rialú deiridh Permira, cistí lena n-áirítear cuideachtaí punainne atá gníomhach i raon dlínsí, ar fud an domhain.

— Is cuideachta Iodálach é BasicNet, atá faoi rialú deiridh an Uasail Marco Boglione agus a dhéanann speisialtóireacht i bhforbairt agus i margú éadaí, coisbheart agus gabhálas. Tá BasicNet, trína fhochuideachtaí faoi lánúinéireacht, gníomhach i raon dlínsí, ar fud an domhain, agus oibríonn sé trí líonra ceadúnaithe faoi bhrandaí cáiliúla, agus é ag díriú ar bhainistiú brandaí, dearadh táirgí, agus dáileadh domhanda. Is fochuideachta faoi lánúinéireacht BasicNet é K-Way a bhfuil branda éadaí idirnáisiúnta aige a cruthaíodh sa Fhrainc agus a bhfuil a cheanncheathrú san Iodáil. Déanann sé speisialtóireacht i ndearadh agus díol foréadaí agus gabhálas agus oibríonn sé trína shuíomh gréasáin, trí shiopaí miondíola, agus trí líonra dáileacháin mórdhíola agus miondíola san Aontas agus lasmuigh de.

3. Tar éis dó réamhscrúdú a dhéanamh, is é conclúid an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11808 – PERMIRA / BASICNET / K-WAY

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË